Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6851/26**

**RECH 86**
**RELEX 296**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 96 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>An dara tuarascáil dhébhliantúil ar chur chun feidhme<br>An chur chuige dhomhanda i leith taighde agus nuálaíochta 2023-2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 96 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 96 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.2.2026
COM(2026) 96 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

## An dara tuarascáil dhébhliantúil ar chur chun feidhme
## An chur chuige dhomhanda i leith taighde agus nuálaíochta 2023-2025

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh an Teachtaireacht maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta (T&N)[1] i mí na Bealtaine 2021, tráth a raibh an domhan an-difriúil lena bhfuil ann sa lá atá inniu ann. Mar sin féin, tá a chuspóirí agus a phrionsabail leathana fós bailí, amhail luachanna bunúsacha T&N a chosaint agus a chur chun cinn, oibriú i dtreo cothrom iomaíochta agus cómhalartacht sa chomhar idirnáisiúnta T&N, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus géarchéimeanna sláinte domhanda le chéile, agus cur chuige caolchúiseach modhnaithe a ghlacadh maidir le hoibriú i gcomhar le tíortha agus réigiúin nach de chuid an Aontais iad.

Le comhar idirnáisiúnta T&N, méadaítear barr feabhais agus iomaíochas, soláthraítear rochtain ar shaineolas idirnáisiúnta trí shoghluaisteacht agus comhar, forbraítear réitigh ar dhúshláin dhomhanda agus cuirtear caighdeáin chomhroinnte eolaíocha agus theicniúla chun cinn, rud a laghdaíonn bacainní trádála agus a mhéadaíonn rochtain ar mhargaí ionchasacha. Tógann sé caipiteal polaitiúil agus taidhleoireachta freisin, agus cuireann sé le cuspóirí geopholaitiúla an Aontais. Tá cur chun cinn an togra sin bunaithe ar Airteagal 180(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ní mór don Aontas a bheith níos teanntásaí maidir lena leasanna straitéiseacha a shaothrú i ré iomaíochta geostraitéisí, agus a chomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis a neartú an tráth céanna[2]. Dá bhrí sin, ní mór na réaltachtaí geopholaitiúla nua agus na forbairtí ceannródaíocha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht araon a chur san áireamh agus an Cur Chuige Domhanda á chur chun feidhme. Leis an gcéad tuarascáil dhébhliantúil ar chur chun feidhme, a glacadh in 2023, tugadh freagairt ar na réaltachtaí sin, mar shampla trí bhéim a leagan ar thacaíocht an Aontais don Úcráin tar éis sheoladh ionradh neamhdhleathach iomlán na Rúise.

Le 2 bhliain anuas, tá céimeanna daingne glactha ag an Aontas chun freagairt do na dúshláin sin trí phríomhthionscnaimh a ghlacadh arb é is aidhm dóibh a áirithiú go bhfanfaidh an tAontas ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht agus go bhfanfaidh a chóras T&N oscailte agus slán araon[3]. Tá agus leanfaidh an tAontas de bheith ina chaomhnóir ar an iltaobhachas, ar ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus ar cheapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise – rud atá ríthábhachtach i saol an lae inniu chun croíphrionsabail an daonlathais a chosaint, lena n-áirítear sochaithe daonlathacha níos athléimní agus níos láidre. Ós rud é go bhfuil na prionsabail agus na luachanna dá seasann an tAontas faoi bhagairt níos mó agus níos mó ar fud an domhain, tá sé níos tábhachtaí ná riamh don Aontas seasamh ar son saoirse acadúil

[1] COM (2021) 252 final.

[2] https://commission.europa.eu/document/download/833e082a-0c39-4bc6-a119-e0760ebc7360_en?filename=mission-letter-zaharieva.pdf

[3] Áirítear i measc na samplaí Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais (JOIN(2023) 20 final), an Moladh ón gComhairle maidir le Slándáil Taighde a fheabhsú (C/2024/3510), an Teachtaireacht Chomhpháirteach *Strenghtening EU Economic Security* [Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú] (JOIN(2025) 977 final), Compás Iomaíochais (COM(2025) 30 final), Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú (SWD(2025) 138 final), Straitéis Eorpach um Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta (COM(2025) 497 final/2), Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht (COM(2025) 724 final), Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (COM(2025) 85 final), agus an tionscnamh Roghnaigh an Eoraip (https://commission.europa.eu/topics/research-and-innovation/choose-europe_en).

agus saoirse an taighde eolaíoch agus ar son na héagsúlachta, an chothromais agus an chuimsithe chomh maith. Áirítear leis sin comhionannas agus neamh-idirdhealú i leith mná agus i leith grúpaí eile atá i mbaol méadaithe idirdhealaithe a chur chun cinn, agus a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach i gcórais T&N. Ní hamháin gur riachtanas morálta iad na luachanna sin, ach tá siad i measc na sócmhainní is láidre atá ag an Aontas san iomaíocht dhomhanda le haghaidh tallainne.

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar obair an Choimisiúin maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith T&N a chur chun feidhme, agus ar na Conclúidí gaolmhara ón gComhairle[4] ó foilsíodh an chéad tuarascáil dhébhliantúil ar chur chun feidhme in 2023[5]. Is é is aidhm dó léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an tAontas ag freagairt do dhúshláin agus d'éilimh nua in T&N i dtimpeallacht idirnáisiúnta atá ag éirí níos iomaíche agus níos luainí, agus ar an gcaoi sin a leasanna straitéiseacha a chosaint.

## 2. GEALLTANAS AN AONTAIS A ATHDHEARBHÚ MAIDIR LE hOSCAILTEACHT IDIRNÁISIÚNTA AGUS LUACHANNA BUNÚSACHA SA TAIGHDE AGUS SA NUÁLAÍOCHT

I gcomhar le comhpháirtithe ar fud an domhain, tá an tIdirphlé Iltaobhach maidir le Prionsabail agus Luachanna don Chomhar Idirnáisiúnta T&N curtha chun feidhme ag an Aontas, rud a d'fhág gur formhuiníodh Ráiteas na Bruiséile ag comhdháil idirnáisiúnta aireachta i mí Feabhra 2024. Mhol an Coimisiún tús a chur leis an gcéad chéim eile den idirphlé, trína fhor-rochtain gheografach agus a leithead téamach a leathnú. Tá tús curtha ag an gCoimisiún freisin le creat Eorpach a fhorbairt le haghaidh taidhleoireacht eolaíochta, lena gcuirtear tuarascáil ar fáil ina bhfuil moltaí ó shaineolaithe arna dtarraingt suas i gcomhpháirt ag eolaithe agus taidhleoirí. Le comhlachas na Nua-Shéalainne, Cheanada, na Ríochta Aontaithe, Phoblacht na Cóiré, na hEilvéise agus na hÉigipte le Fís Eorpach, d'éirigh leis an Aontas naisc láidre a chruthú in T&N le príomh-chomhpháirtithe ar an gcoigríoch.

### 2.1 Prionsabail agus luachanna sa chomhar idirnáisiúnta T&N

Tar éis sheoladh an Idirphlé Iltaobhach maidir le Prionsabail agus Luachanna don Chomhar Idirnáisiúnta T&N i mí Iúil 2022, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil lena chomhpháirtithe domhanda chun plé a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le barr feabhais taighde, luachshocrú eolais, slándáil taighde, agus comhpháirtíochtaí cothroma T&N le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim. Ba é an toradh a bhí air sin comhdháil idirnáisiúnta aireachta a tionóladh faoi Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mí Feabhra 2024, inar

[4] 12301/21 RECH 425.

[5] Mar shampla, *An tuarascáil ardleibhéil dar teideal Margadh Thar an gCoitiantacht, an Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa*, *Safer Together – Strengthening Europe's Civilian and Military Preparedness and Readiness* [Níos Sábháilte le Chéile – Ullmhacht Shibhialtach agus Mhíleata na hEorpa a Neartú], *Align, Act, Accelerate* [Ailínigh, gníomhaigh, luathaigh].

formhuiníodh ráiteas aireachta maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta T&N, ar a dtugtar Ráiteas na Bruiséile[6].

Tar éis na hiarrata sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith T&N Clár Oibre Eorpach[7] maidir leis an Taidhleoireacht Eolaíochta a fhorbairt agus tar éis an phlé a rinneadh ina dhiaidh sin sa Chomhairle Iomaíochais i mí Iúil 2023, chuir an Coimisiún de chúram ar ghrúpa eolaithe agus taidhleoirí moltaí sonracha a chur chun cinn le haghaidh creat Eorpach don taidhleoireacht eolaíochta a bheidh ann amach anseo[8]. Na moltaí a d'fhorbair na 130 saineolaí taidhleoireachta eolaíochta, lena moltar ionstraimí straitéiseacha, oibríochtúla agus cumasúcháin is gá chun tacú le ceannaireacht na hEorpa sa taidhleoireacht eolaíochta, foilsíodh iad i mí Feabhra 2025 i dtuarascáil ó shaineolaithe[9]. Cloch mhíle mhór sa phróiseas sin ba ea an chéad Chomhdháil Eorpach maidir leis an Taidhleoireacht Eolaíochta i mí na Nollag 2023, rud a chuir ar a gcumas do phobal taidhleoireachta eolaíochta na hEorpa machnamh a dhéanamh ar chur chuige straitéiseach[10].

Thacaigh an Coimisiún le ceardlanna agus pléití spriocdhírithe, lena n-áirítear maidir le taidhleoireacht eolaíochta sa Mheánmhuir agus bainistiú uisce trasteorann na Níle, chun luach na taidhleoireachta eolaíochta faoi lán seoil a léiriú. I mí Dheireadh Fómhair 2025, eagraíodh an chéad Idirphlé idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir leis an Taidhleoireacht Eolaíochta, as ar eascair aitheantas don taidhleoireacht eolaíochta mar rian nua san Idirphlé Ardleibhéil Beartais maidir leis an Eolaíocht, an Teicneolaíocht agus an Nuálaíocht idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach. Ina theannta sin, thacaigh an Coimisiún le Comhghuaillíocht Taidhleoireachta Eolaíochta an Aontais[11] lena dtugtar le chéile príomhinstitiúidí ar an ábhar sin.

I mí Aibreáin 2024, shínigh an tAontas Dearbhú Aireach na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Beartais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Chlaochlaitheacha le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe Chuimsitheach, lena dtreisítear prionsabail agus luachanna comhroinnte i gcomhar idirnáisiúnta T&F, lena n-áirítear cómhalartacht, trédhearcacht, cuntasacht, agus comhshochar[12]. Tá an tAontas ina chomhchathaoirleach ar mheitheal G7 um an Eolaíocht Oscailte a rannchuidíonn le hailíniú agus comhar idirnáisiúnta maidir le beartas eolaíochta oscailte a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chuir an tAontas agus a Bhallstáit tacaíocht ar fáil freisin do thaighdeoirí atá i mbaol, go háirithe trí thionscadal SAFE[13].

---

[6] Féach https://research-and-innovation.ec.europa.eu/document/download/94d6bb42-1fe7-478c-b6b4-d0be4dfb0204_en?filename=brussels-ministerial-statement-2024-02.pdf. D'fhormhuinigh Poblacht na Tuirce an ráiteas aireachta gan an Iarscríbhinn.

[7] 12301/21 RECH 425.

[8] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/news/all-research-and-innovation-news/launch-eu-science-diplomacy-working-groups-results-call-expressions-interest-published-2023-12-06_en

[9] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/document/download/0841de12-0dd2-4459-b59c-050943c04acd_en

[10] https://eu-science-diplomacy.service-facility.eu/

[11] https://www.science-diplomacy.eu/

[12] https://legalinstruments.oecd.org/en/instruments/OECD-LEGAL-0501.

[13] https://saferesearchers.eu/

I gcomhréir le réiteach Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2024, sheol an Coimisiún staidéar tiomnaithe chun bonn fianaise a chur ar fáil le haghaidh togra reachtach maidir le saoirse an taighde eolaíoch a chur chun cinn agus a chosaint san Aontas, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025[14]. Chuir an Coimisiún an Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde[15] agus an Cód Iompair Domhanda maidir le Comhpháirtíochtaí Taighde Cothroma[16] chun cinn go hidirnáisiúnta, lean sé d'Fhóram na Comhairle Náisiúnta Eitice a eagrú dhá uair sa bhliain, agus ghlac sé páirt ghníomhach sa tionscnamh maidir le Saorálaithe sa Taighde agus san Eitic[17]. Bhí cur chun feidhme chritéar incháilitheachta an Phlean Comhionannais Inscne sa chlár Fís Eorpach[18] ina phríomhchéim chun comhionannas inscne a chur chun cinn in T&N, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta.

### 2.2. An ghné idirnáisiúnta d'Fhís Eorpach

Is é rannpháirtíocht sa Chlár Réime trí chomhlachas an cineál comhair T&N is gaire le tíortha nach de chuid an Aontais iad. I mí Iúil 2023, ba í an Nua-Shéalainn an chéad tír lasmuigh de chomharsanacht an Aontais a chuaigh i gcomhlachas le Fís Eorpach, agus ina dhiaidh sin an Ríocht Aontaithe agus Ceanada in 2024 agus Poblacht na Cóiré, an Eilvéis agus an Éigipt in 2025. Tugadh caibidlíochtaí comhlachais i gcrích leis an tSeapáin agus cuireadh tús le cainteanna tosaigh leis an Astráil.

Seasann Colún I d'Fhís Eorpach amach mar gheall ar an ngné idirnáisiúnta a bhaineann leis, agus 8,7 % de rannpháirtithe ann ag teacht ó thíortha neamhchomhlachaithe nach de chuid an Aontais iad, agus ina dhiaidh sin tá Colún II (5,5 %), Colún III (2,5 %), agus ar deireadh na Gníomhaíochtaí chun Rannpháirtíocht a Leathnú agus an Limistéar Eorpach Taighde a Neartú (2,4 %). Óstálann tíortha comhlachaithe 11,8 % de na rannpháirtithe i gColún I, 9,7 % de na rannpháirtithe i gColún II, 7,8 % de na rannpháirtithe i gColún III agus 14,8 % de na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí chun rannpháirtíocht a leathnú agus an limistéar Eorpach taighde a neartú[19].

Tá Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC), arb iad an ghné is idirnáisiúnta de Fís Eorpach iad, fíor-riachtanach chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta T&N a bhunú. I measc na dtaighdeoirí a roghnaíodh faoi chomhaltachtaí GMSC, taighdeoirí neamh-AE a bhí in 46 % díobh, is é sin ba as tíortha neamh-chomhlachaithe nach de chuid an Aontais iad 37 % díobh, agus ba as tíortha comhlachaithe 9 % díobh. Is é GMSC is cúis le thart ar 50 % de rannpháirtíocht iomlán na n-eagraíochtaí ó thíortha neamhchomhlachaithe nach de chuid an Aontais iad sa chlár Fís Eorpach. Maidir le go leor tíortha, déantar os cionn 50 % dá rannpháirtíocht iomlán i dtionscadail Fís Eorpach trí GMSC. Seoladh Gníomhaíocht nua um Chomhordú agus um Thacaíocht i mí na Bealtaine 2025 chun an comhar idirnáisiúnta agus an rannpháirtíocht dhomhanda in GMSC a neartú[20].

[14] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/0ad627da-a7ed-11f0-a7c5-01aa75ed71a1/language-en
[15] https://allea.org/code-of-conduct/
[16] https://www.globalcodeofconduct.org/
[17] https://www.inserm.fr/en/ethics/volrethics/
[18] Curtha chun feidhme ó na glaonna ar thograí le spriocdhátaí ó 2022 ar aghaidh.
[19] Figiúirí de réir dheais Fhís Eorpach an 02/07/2025.
[20] Comhar Domhanda GMSC: Feabhsú Beartais agus Cur Chun Cinn Straitéiseach (https://msca-glopol.eu/)

Chun leas a bhaint as tionchar a ról mar nóid comhair T&N náisiúnta, lean an tAontas le rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair thaighde a mhaoiniú, lena n-áirítear na cinn atá á reáchtáil ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin[21], d'úsáideoirí ó thíortha neamh-chomhlachaithe nach de chuid an Aontais iad chomh maith. Cuireann an tAontas Eorpach cláir rochtana idirnáisiúnta chun cinn laistigh de Ghrúpa G7 d'Oifigigh Shinsearacha maidir le Bonneagair Thaighde Dhomhanda[22]. In 2024, d'fhormhuinigh an Coimisiún Ráiteas Brisbane[23] inar moladh do na páirtithe leasmhara uile sa bhonneagar taighde dlús a chur leis an gcomhar i mbonneagair thaighde idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. I mí Mheán Fómhair 2025, ghlac an Coimisiún Straitéis Eorpach um Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun a ngné idirnáisiúnta a neartú.

## 3. Cur chuige domhanda an Aontais maidir le T&N a athchothromú: i dtreo cothroime iomaíochta agus cómhalartachta

Chun comhar idirnáisiúnta T&N a choinneáil oscailte agus slán, ghlac an tAontas moladh ón gComhairle maidir le slándáil taighde a fheabhsú in 2024 chun oibriú i dtreo cothrom iomaíochta sa Limistéar Eorpach Taighde. Tá bearta daingne déanta ag an Aontas chun a athléimneacht in aghaidh cur isteach agus éigeantas eachtrach a mhéadú trí mheasúnuithe a dhéanamh ar theicneolaíochtaí criticiúla, trí infheistíocht T&N sna réimsí sin a chur chun cinn, trí rochtain ar Fís Eorpach a shrianadh nuair a bhíonn géarghá léi, agus trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha nua a chur i bhfeidhm.

Is minice anois a bhíonn taighdeoirí neamhchosanta ar rioscaí slándála agus iad ag oibriú i gcomhar go hidirnáisiúnta, agus bíonn ar T&N na hEorpa déileáil le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint astu ar bhealaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais a shárú. Leis an moladh ón gComhairle maidir le slándáil taighde a fheabhsú[24], a glacadh i mí na Bealtaine 2024, tá bonn fónta ag an Aontas anois chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí slándála a bhaineann le comhar idirnáisiúnta T&N. Leis an moladh sin, lena gcumhdaítear ní hamháin an Coimisiún agus na Ballstáit, ach cisteoirí taighde poiblí agus ollscoileanna freisin, d'fhorbair an tAontas, den chéad uair, sainmhíniú coiteann ar rioscaí slándála taighde, mar aon le cur chuige coiteann maidir le measúnú riosca taighde. I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'eagraigh an Coimisiún an chéad Chomhdháil Shuaitheanta Eorpach maidir le Slándáil Taighde chun comhroinnt dea-chleachtas a éascú.

Tá an obair ar shlándáil taighde mar chuid d'iarracht níos leithne chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú[25]. Go háirithe, ba cheart go gcuideodh slándáil taighde le sceitheadh

[21] https://joint-research-centre.ec.europa.eu/tools-and-laboratories/open-access-jrc-research-infrastructures_en
[22] https://www.gsogri.org/
[23] https://icri2024.au/about-icri/brisbane-statement/
[24] C/2024/3510.
[25] Féach JOIN(2023) 20 final agus JOIN(2025) 977 final.

teicneolaíochta a chosc, is é sin aistriú neamh-inmhianaithe eolais chriticiúil agus teicneolaíochta criticiúla trí chomhar acadúil idirnáisiúnta, agus cur chuige an Aontais maidir le saoirse acadúil agus saoirse taighde eolaíoch á chaomhnú an tráth céanna.

Cuid lárnach den obair sin is ea measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí cumasúcháin nó criticiúla áirithe, amhail an intleacht shaorga (IS), an bhiteicneolaíocht, leathsheoltóirí ardfhorbartha agus an ríomhaireacht chandamach, próiseas a dhéantar le rannpháirtíocht na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile. Cé go dtéann na measúnuithe teicneolaíochta criticiúla sin níos faide ná beartas T&N, tá sé beartaithe go múnlóidh aschur na hoibre sin comhar idirnáisiúnta T&N sna blianta amach romhainn freisin. Tá an Coimisiún ag obair le tíortha atá ar aon intinn leis maidir leis an tslándáil eacnamaíoch, maidir le cumais teicneolaíochtaí criticiúla an Aontais féin a chur chun cinn, agus maidir le coimircí éagsúla a chur i bhfeidhm chun an tAontas a chosaint ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu.

I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Bán maidir le roghanna chun tacaíocht a fheabhsú don taighde agus don fhorbairt a bhaineann le teicneolaíochtaí a bhféadfaí dé-úsáid a bhaint astu[26]. Ó shin i leith, tá tuilleadh ionchuir curtha ar fáil ag roinnt doiciméid straitéiseacha sa mhachnamh ar thaighde agus forbairt dé-úsáide, agus na rioscaí a bhaineann le comhar idirnáisiúnta T&N á gcur san áireamh ag brath ar réasúnaíocht an taighde agus ar an acmhainneacht dé-úsáide[27].

Tá bearta breise déanta ag an gCoimisiún freisin chun slándáil taighde Fís Eorpach a dhéanamh slán, trí rannpháirtíocht a theorannú, ar bhonn eisceachtúil, d'eintitis ó na Ballstáit agus ó thíortha áirithe nach de chuid an Aontais iad i réimsí na dteicneolaíochtaí candamacha, na dteicneolaíochtaí líonra cumarsáide IS, na gceallraí, an spáis agus na n-amhábhar criticiúil[28]. I gclár oibre Fís Eorpach 2023-2024, cuireadh Airteagal 22(5) den Rialachán maidir le Fís Eorpach i bhfeidhm maidir le 33 thopaic[29], ach i gclár oibre 2025, cuireadh i bhfeidhm é maidir le 37 dtopaic san iomlán. Is iad na bearta breise atá i bhfeidhm, mar shampla, oibleagáidí breise maidir le torthaí taighde a shaothrú agus ceart an Choimisiúin agóid a dhéanamh in aghaidh maoin intleachtúil a aistriú chuig tíortha lasmuigh den Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár[30].

Chinn an Coimisiún chomh maith srian a chur ar rochtain ar thaighde gar don mhargadh le haghaidh tíortha neamh-chomhlachaithe nach de chuid an Aontais iad i gcás inar measadh nach raibh na coinníollacha creata lena n-áirithítear cothroime iomaíochta sa chomhar T&N i

[26] COM (2024) 27 final.
[27] Féach https://research-and-innovation.ec.europa.eu/news/all-research-and-innovation-news/new-publications-dual-use-provide-strategic-input-future-eu-ri-policies-2025-06-25_en
[28] Le hAirteagal 22(5) den Rialachán maidir le Fís Eorpach, is féidir rannpháirtíocht a theorannú d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe sonraithe nó i dtíortha eile nach de chuid an Aontais iad mar a shainítear sa chlár oibre chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint. Féadfar srianta a chur i bhfeidhm freisin ar eintitis atá bunaithe i dtíortha atá incháilithe ach atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag tír neamh-incháilithe nó ag eintiteas atá bunaithe i dtír neamh-incháilithe.
[29] Lena n-áirítear leasuithe a formheasadh in 2024. Ina theannta sin, bhain an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach úsáid as Airteagal 22(5) in aon ghníomhaíocht amháin ina chlár oibre 2023.
[30] Airteagail 39 agus 40 den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

bhfeidhm[31]. Eintitis a mheastar a bheith ina soláthróirí ardriosca trealaimh líonra cumarsáide, ní ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí líonra cumarsáide a fhorbairt, i gcomhréir le Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2023 maidir le cur chun feidhme bhosca uirlisí cibearshlándála 5G[32].

## 4. IARRACHTAÍ DOMHANDA A CHOMHTHIOMSÚ CHUN DUL I nGLEIC LE DÚSHLÁIN DHOMHANDA LE CHÉILE

Maidir leis an aistriú glas, thacaigh an Coimisiún leis an Ardán Idirnáisiúnta um Inbhuanaitheacht Aigéin (IPOS) a fhorbairt, lean sé de thacaíocht a thabhairt don Chomhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde ar an Aigéan (AAORIA), agus ghlac sé treochlár comhpháirteach nua leis an gCoimisiún Idir-rialtasach Aigéaneolaíochta de chuid UNESCO. Bhí sí ina comhcheannaire ar an Misean um Hidrigin Ghlan agus ar an Misean um Aistrithe Uirbeacha faoin Misean um an Nuálaíocht, agus thacaigh sí le hardáin eolais maidir leis an bhfás glas, agus lean sí de bheith rannpháirteach go hidirnáisiúnta an tráth céanna, lena n-áirítear i dTionscnamh G20 maidir leis an mBithgheilleagar.

I réimse an aistrithe dhigitigh, tá comhpháirtíochtaí digiteacha forbartha ag an gCoimisiún le comhpháirtithe domhanda i réimsí amhail IS, an ríomhaireacht chandamach agus an nascacht. Thacaigh sé freisin le gníomhaíochtaí sláinte domhanda, lena n-áirítear tríd an tríú clár den Chomhpháirtíocht maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha (Sláinte Dhomhanda EDCTP3). Ar deireadh, tá gníomhaíochtaí nuálaíochta á gcur chun cinn ag an gCoimisiún go hidirnáisiúnta agus tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) agus tríd an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus trí luachshocrú eolais.

### 4.1. Iarrachtaí domhanda a threorú i dtreo aistriú cóir glas

Cuidíonn infheistíocht T&N tríd an gclár Fís Eorpach le Comhaontú Pháras, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile a chur chun feidhme. Mhúnlaigh an infheistíocht sin na cláir oibre freisin agus rannchuidigh sí le hobair roinnt eagraíochtaí ag an gcomhéadan idir eolaíocht agus beartas[33]. Ní mór féachaint freisin ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht an Aontais i bhfianaise na n-athruithe bunúsacha ar chur chuige na Stát Aontaithe maidir leis an athrú aeráide, saincheisteanna comhshaoil, agus ról na heolaíochta i gceapadh beartas.

---

[31] Ceadaítear le hAirteagal 22(6) den Rialachán maidir le Fís Eorpach, i gcás inarb iomchuí agus ina bhfuil údar cuí leis, critéir incháilitheachta bhreise a chur isteach chun ceanglais shonracha beartais nó cineál agus cuspóirí na gníomhaíochta i gceist a chur san áireamh.

[32] C(2023) 4049 final.

[33] Lena n-áirítear an Grúpa um Fhaire na Cruinne, an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, an Painéal Idirnáisiúnta um Bainistiú Acmhainní, agus tionscnaimh eile amhail an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Ithir.

Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Clár Oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan[34], leagadh béim ar an ngá atá le go leor eolais a fháil faoi na haigéin chun tacú le bainistiú inbhuanaithe. Fuarthas amach i staidéar féidearthachta in 2023 go bhfuil an t-eolas ilroinnte agus gur minic nach leor é le haghaidh cinnteoireacht phráinneach[35]. Mar fhreagairt air sin, tá an Coimisiún ag leanúint na hoibre chun an International Platform for Ocean Sustainability (IPOS) a bhunú mar shásra catalaíoch nua chun cinnteoirí poiblí agus príobháideacha a chur ar an eolas faoi úsáid agus cosaint inbhuanaithe na n-aigéan.

Bhí an Coimisiún i gceannas ar chur chun feidhme dhearbhú 2022 Chomhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde ar an Aigéan (AAORIA) chun tacú le comhar taighde aigéin san Atlantach. Chuaigh cúig chomhpháirtí nua (an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn, an tSeineagáil agus Gána) isteach in AAORIA, agus dhírigh a chuid oibre ar athléimneacht na bpobal cósta a mhéadú, ar fhaire na n-aigéan a chomhordú agus ar shamhaltú a fheabhsú.

Ag Comhdháil 2025 na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, d'fhógair an Coimisiún Tionscnamh um Fhaire na nAigéan, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá an Córas Domhanda um Fhaire na nAigéan agus ar thiomantas an Choimisiúin. Ghlac an Coimisiún Eorpach agus an Coimisiún Idir-rialtasach Aigéaneolaíochta de chuid UNESCO treochlár comhpháirteach chun an comhar a neartú maidir le Deich mbliana na Náisiún Aontaithe um an Eolaíocht Aigéin ar mhaithe leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2021-2030, agus ar an gcaoi sin iarrachtaí an Aontais agus UNESCO a ailíniú[36].

In 2023, bhunaigh an Coimisiún Eorpach, i gcomhpháirtíocht le Coimisiún an Aontais Afracaigh, Grúpa Straitéiseach um na hAigéin idir an Afraic agus an Eoraip, arna reáchtáil ag Fondúireacht na hAfraice-na hEorpa le cistiú ón Aontas, chun comhar eolaíoch maidir le hábhair a bhaineann leis an aigéan idir an dá ilchríoch a chur chun cinn.

Faoin Misean um an Nuálaíocht 2.0[37], chuir an Coimisiún luathú an aistrithe fuinnimh ghlain chun cinn i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Trína Mhisean 'Hidrigin Ghlan[38]' a chomhthreorú, tá an Coimisiún ag spreagadh comhar idirnáisiúnta T&N chun tacú le fás slabhra luacha hidrigine glaine domhanda. Ó bhí 2024 ann, tá 101 thionscadal gleannta hidrigine de chuid an Aontais agus ar fud an domhain[39] sainaitheanta ag an Misean i 38 dtír, agus é mar chuspóir aige seachadadh gleannta hidrigine comhtháite ar mhórscála a éascú faoi 2030.

[34] JOIN(2022) 28 final.

[35] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, *Seascape assessment – Feasibility study for the establishment of an Intergovernmental Panel for Ocean Sustainability (IPOS)*, [Measúnú ar an timpeallacht – Staidéar féidearthachta maidir le Painéal Idir-Rialtasach ar Inbhuanaitheacht na nAigéan (IPOS) a bhunú] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2771/903406

[36] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/document/download/2e5f29fb-cb0c-4d0d-8840-97ce0ee9730c_en?filename=ec_rtd_roadmap-cooperation-un-decade-ocean-science.pdf

[37] Is príomhfhóram idirnáisiúnta é an Misean um an Nuálaíocht, lena dtugtar le chéile tíortha atá freagrach as 90 % de mhaoiniú nuálaíochta poiblí don fhuinneamh.

[38] https://mission-innovation.net/missions/hydrogen/

[39] https://h2v.eu/

Faoin Misean um 'Aistrithe Uirbeacha[40]' agus ag tógáil ar an Misean Eorpach 'Cathracha Aeráidneodracha Cliste', tá an Coimisiún ag obair i gcomhar le cohórt cathracha uaillmhianacha ar fud an domhain chun a bhfíseanna glan-nialasacha a neartú agus chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme. Ó bhí 2023 ann, tá méadú tagtha ar an gcohórt sin agus anois cuimsítear 117 gcathair in 47 dtír leis an gcohórt, agus cuireadh tacaíocht ar fáil faoi chlár City2City a seoladh i mí na Samhna 2025.

I gcomhréir le straitéis na tairsí domhanda[41], chuidigh an tAontas le tíortha comhpháirtíochta rochtain a fháil ar shonraí comhshaoil trí thionscnaimh atá dírithe ar an gcomhéadan idir eolaíocht agus beartas a neartú, lena n-áirítear an Clár um Bainistíocht Bithéagsúlachta agus Limistéar faoi Chosaint (BIOPAMA) agus an Chomhpháirtíocht Eolais um Fhás Glas. Bhunaigh an Coimisiún ardán bainistíochta eolais idirnáisiúnta freisin chun faisnéis a roinnt faoi chaighdeáin, treoraíocht agus deiseanna cistiúcháin faoin tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua[42].

### 4.2. An t-aistriú digiteach a chur chun cinn

I mí an Mheithimh 2025, ghlac an Coimisiún an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas, ina leagtar amach fís an Aontais chun a chomhar digiteach idirnáisiúnta a neartú[43]. Díríonn an straitéis sin ar bhorradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, clár oibre digiteach do shlándáil na hEorpa agus a comhpháirtithe a chur chun cinn, agus rialachas digiteach domhanda agus caighdeáin dhigiteacha dhomhanda a mhúnlú.

Bunaíodh Comhpháirtíochtaí Digiteacha leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré, le Singeapór agus le Ceanada[44]. Díríonn siad ar iarrachtaí comhoibríocha chun príomhtheicneolaíochtaí amhail IS, leathsheoltóirí, an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, an ríomhaireacht chandamach, líonraí 5G/6G, rialachas sonraí, caighdeánú, agus ardáin ar líne a chur chun cinn.

Ó bhí mí na Bealtaine 2023 ann, tá an bhunchloch leagtha síos ag an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India le haghaidh comhar i bpríomhréimsí, lena n-áirítear leathsheoltóirí, bonneagar poiblí digiteach, scileanna digiteacha, IS, an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, agus caighdeánú TF agus teileachumarsáide. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe ó bunaíodh í in 2021, rud a bhfuil torthaí nithiúla air maidir le IS, teicneolaíochtaí candamacha, caighdeánú, leathsheoltóirí, ardáin ar líne agus 6G.

Is creat comhair dé-réigiúnach ceannródaíoch é an Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib[45]. Díríonn tionscadal idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach chun Idirphlé Digiteach a Chur Chun Feidhme i gComhar T&N ar chur chuige cuimsitheach agus duinelárnach a ghlacadh i leith an chlaochlaithe dhigitigh i réimsí ar féidir leo tairbhe a bhaint

[40] https://urbantransitionsmission.org/
[41] JOIN(2021) 30 final.
[42] https://knowledge-management.new-european-bauhaus.europa.eu/
[43] JOIN(2025) 140 final.
[44] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/partnerships
[45] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_1598

as an idirnascacht ardacmhainneachta a chuirtear ar fáil leis an mbonneagar Building the Europe Link to Latin America (BELLA) [Nasc na hEorpa le Meiriceá Laidineach a thógáil] [46]. Thacaigh líonra Eorpach GÉANT le tionscnamh cábla BELLA[47], lena nasctar pobail taighde agus oideachais ar fud níos mó ná 110 dtír ar fud an domhain trína chomhpháirtíochtaí, trí úsáid a bhaint as a líonraí snáithín slána féin chun soláthraithe sonraí a nascadh sa chóras taighde domhanda. I mí Dheireadh Fómhair 2025, seoladh an Líonra Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Trí shár-ríomhairí an Aontais Eorpaigh agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a nascadh trí BELLA, oibreoidh eolaithe ón dá réigiún le chéile chun ionsamhlúcháin a reáchtáil, anailís a dhéanamh ar mhórshonraí agus samhlacha próiseála ceannródaíocha a thástáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha dhomhanda, ó shamhaltú aeráide agus fionnachtain drugaí go hintleacht shaorga.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar chábla BELLA idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach, meastar go gcuirfidh Cábla Gateway EurAfrica córas cáblaí fomhuirí athléimneach ar fáil feadh chósta Aigéan Atlantach na hAfraice, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar nascacht sa réigiún.

### 4.3. An comhar maidir le sláinte dhomhanda a neartú

D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach straitéis nua sláinte domhanda[48] an Aontais i mí Eanáir 2024[49]. Sainaithnítear ann T&N mar phríomhchumasóirí le haghaidh sláinte níos fearr, córais sláinte níos láidre agus cumhdach sláinte uilíoch, mar aon le digitiú agus lucht saothair oilte.

Tá dul chun cinn nach beag déanta ag an gCoimisiún maidir le hullmhacht paindéime ó thús phaindéim COVID-19, lena gcomhcheanglaítear acmhainneacht freagartha láithrí le hinfheistíochtaí ullmhachta fadtéarmacha. Trí EUR 1,28 billiún a infheistiú i mbreis agus 121 ghníomhaíocht sa taighde agus san fhorbairt idir 2022 agus 2025, chuir an Coimisiún dlús le forbairt agus tástáil frithbheart leighis, rud a chuir feabhas freisin ar athléimneacht an Aontais in aghaidh paindéimí a bheidh ann amach anseo.

Tá dlús curtha ag an gCoimisiún lena chomhordú ar mhaoinitheoirí taighde sláinte domhanda, mar shampla trí bheith ar dhuine de chomhchathaoirligh an Chomhair Taighde Dhomhanda um Ullmhacht do Ghalair Thógálacha[50] agus trí thacú leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda um Ghalair Ainsealacha[51]. Thacaigh an Coimisiún freisin le hullmhúcháin do chomhpháirtíochtaí nua, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Eorpach um Thaighde ar Ghalair Neamhchoitianta [52].

---

[46] https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/programming/programmes/bella-building-europe-link-latin-america_en
[47] https://network.geant.org/international_connectivity/
[48] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_7153
[49] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2024/01/29/eu-global-health-strategy-council-approves-conclusions/
[50] www.glopid-r.org
[51] www.gacd.org
[52] https://erdera.org/

Is é Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 an tríú céim den Chomhpháirtíocht maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha[53]. In 2024, chistigh sé 74 thionscadal taighde sláinte domhanda le buiséad iomlán EUR 254 mhilliún. Mar fhreagairt ar ráig na bolgaí moncaí 2024 i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ghníomhachtaigh Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a shásra cistiúcháin éigeandála agus sheol sé glao éigeandála, ar dá thoradh a maoiníodh 9 dtionscadal le haghaidh EUR 12,1 milliún san iomlán, lena gcumhdaítear staidéir chéim 2, 3 agus 4 ar phróifiolacsas réamhnochta agus iartheagmhála vacsaíní bolgaí moncaí, chomh maith le straitéisí faireachais agus staidéir eipidéimeolaíocha.

Tacaíonn an Coimisiún freisin le taighde sláinte domhanda trí chomhoibriú leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus leis an gComhpháirtíocht Dhomhanda um Thaighde agus Forbairt Antaibheathach, lena gcuirtear cistiú EUR 28 milliún ar fáil (2022-2027) chun dlús a chur le forbairt cóireálacha le haghaidh ionfhabhtuithe baictéaracha atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí agus chun liostaí pataiginí tosaíochta a thabhairt cothrom le dáta. Sannadh EUR 1 mhilliún den chistiú sin chun tacú le tionscnamh comhpháirteach SECURE de chuid EDS agus an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Thaighde agus Forbairt Antaibheathach[54], arb é is aidhm dó rochtain dhomhanda ar antaibheathaigh riachtanacha a leathnú chun ionfhabhtuithe baictéaracha atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí a chóireáil. Thacaigh an Coimisiún le leigheas eitinne a fhorbairt do leanaí agus le vacsaín nua eitinne a fhorbairt faoi chlár oibre EU4Health 2023.

Tá comhaontú ranníocaíochta bunaithe ag an gCoimisiún le EDS dá Threoirphlean T&F le haghaidh Eipidéime ag a bhfuil buiséad EUR 7,42 milliún, chun tacú le forbairt vacsaíní agus cóireálacha sábháilte agus éifeachtacha in aghaidh víris snáithíneacha *Filoviridae* (lena n-áirítear Ebola agus Marburg), agus gníomhaíochtaí ullmhachta idireipidéimeacha le haghaidh ráigeanna amach anseo. Leis an obair sin ar ullmhacht, bhíothas in ann trialacha cliniciúla teiripeacha agus vacsaíní a chur chun feidhme go tapa, go háirithe le linn ráig Ebola 2025 in Uganda.

Ar deireadh, lean an Coimisiún dá thiomantas comhroinnt agus rochtain a oscailt tríd an gComhghuaillíocht Dhomhanda um Bithshonraí, rud a chuideoidh le hinbhuanaitheacht acmhainní domhanda bithshonraí a áirithiú.

### 4.4. An nuálaíocht a chur chun cinn

Tá an tAontas tiomanta é féin a shuí mar áit a mbeidh tarraingt mhór ag gnólachtaí nuathionscanta, infheisteoirí agus corparáidí ó thíortha nach de chuid an Aontais iad air, ar gnólachtaí, infheisteoirí agus corparáidí iad bhfuil réitigh nuálacha agus tionscadail cliant fiontair á lorg acu. Tá sé sin ar cheann de réimsí suaitheanta an Chláir Oibre Eorpaigh Nua um Nuálaíocht agus Straitéis an AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú[55]. Trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a neartú agus bealaí a chruthú chun tallann agus infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh, mar shampla tríd an tionscnamh 'Roghnaigh an

[53] https://www.globalhealth-edctp3.eu/
[54] https://gardp.org/secure/
[55] SWD(2025) 138 final.

Eoraip don Eolaíocht'[56], tá sé d'aidhm ag an Aontas a ról mar phríomh-mhol don nuálaíocht agus don fhiontraíocht a chomhdhlúthú, rud a spreagfaidh forbairt inbhuanaithe agus iomaíochas ar scála domhanda.

In 2025, chuir Bord CNE comhairle ar an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) straitéis idirnáisiúnta a fhorbairt chun borradh a chur faoina tionchar domhanda agus chun cuidiú le gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha agus le gnólachtaí Eorpacha atá ag méadú leathnú go hidirnáisiúnta. Is é an chomhairle atá ann díriú ar cheithre phríomhthosaíocht: (1) gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a chothú; (2) rannpháirtíocht infheisteoirí agus corparáidí idirnáisiúnta; (3) ceannaireacht smaointeoireachta a bhunú; agus (4) tallann idirnáisiúnta a mhealladh. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí: cuidiú le tairbhithe CNE a bheith domhanda agus a gceanncheathrú san Eoraip a choinneáil an tráth céanna; nuálaithe domhainteicneolaíochta a mhealladh chun na hEorpa, agus oibriú i gcomhar le hinfheisteoirí idirnáisiúnta a bhfuil suim acu i gcuideachtaí CNE.

I mí an Mhárta 2024, ghlac an Coimisiún dhá mholadh chun tacú leis an moladh ón gComhairle maidir le treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais[57], is iad sin na Cóid Chleachtais maidir le comhchruthú idir an tionscal agus an saol acadúil[58] agus maidir le rannpháirtíocht na saoránach[59]. Tá níos mó ná 150 straitéis agus cleachtas a forbraíodh san Aontas agus níos faide i gcéin le fáil i stór Ardán an Aontais um Luachshocrú Eolais, rud atá ábhartha freisin do chomhpháirtithe idirnáisiúnta[60].

## 5. AN COMHAR LE TÍORTHA AGUS LE RÉIGIÚIN TOSAÍOCHTA A MHODHNÚ

Bhí tionchar ag forbairtí geopholaitiúla le blianta beaga anuas ar chomhar T&N an Aontais le tíortha eile. I gcomharsanacht an Aontais, ba iad comhlachas na Ríochta Aontaithe agus na hEilvéise chomh maith le tíortha is iarrthóirí ar Fhís Eorpach a spreag an dinimic. Neartaigh an rannpháirtíocht in Fís Eorpach trí chomhlachas caidreamh T&N an Aontais le mórgheilleagair thionsclaíocha ar an gcoigríoch freisin. Ar deireadh, díríodh arís ar an Afraic, ar Mheiriceá Laidineach agus ar Mhuir Chairib agus ar Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), agus rinneadh mórthionscnaimh réigiúnacha a fhorbairt. Sa chomhthéacs déthaobhach, tá aghaidh á tabhairt ar réimsí sonracha leasa don Aontas agus do na tíortha comhpháirtíochta, mar shampla, trí dhul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach leis an tSín.

### 5.1. An comhar a chomhtháthú laistigh de chomharsanacht an Aontais

Tháinig an Ríocht Aontaithe chun bheith ina Tír Chomhlachaithe le Fís Eorpach an 1 Eanáir 2024, rud a thug teachtaireacht láidir maidir le leasanna comhroinnte leanúnacha leis an

[56] https://commission.europa.eu/topics/research-and-innovation/choose-europe_en
[57] Moladh (AE) 2022/2415 ón gComhairle.
[58] Moladh (AE) 2024/774 ón gCoimisiún.
[59] Leanann Moladh (AE) 2024/736 ón gCoimisiún – na Cóid Chleachtais a glacadh in 2024 as tionscnamh na gCód Cleachtais a glacadh in 2023 maidir le bainistiú sócmhainní intleachtúla agus maidir le caighdeánú.
[60] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/research-area/industrial-research-and-innovation/eu-valorisation-policy/knowledge-valorisation-platform_en

Aontas. In 2024, d’éirigh go han-mhaith leis an Ríocht Aontaithe i nglaonna na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus í ar phríomhthairbhí na ndeontas cruthúnais coincheapa a fógraíodh i mí Iúil 2024, í ar cheann de phríomhthairbhithe na ndeontas tosaigh a fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2024, agus méadú 56 % tagtha ar na deontais chomhdhlúite a fógraíodh i mí na Nollag 2024, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba í an Ríocht Aontaithe an tairbhí ba mhó de dheontais GMSC in 2024 freisin.

Tháinig laghdú ar rannpháirtíocht na hEilvéise, comhpháirtí seanbhunaithe T&N de chuid an Aontais agus rannpháirtí gníomhach san am a chuaigh thart le linn a comhlachais le cláir réime T&N a bhí ann roimhe seo, le linn na chéad bhlianta d’Fhís Eorpach mar gheall ar neamh-chomhlachas. Agus a chomhlachas i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, tá taighdeoirí agus eintitis na hEilvéise in ann páirt a ghlacadh arís i nglaonna ar chláir.

Tá córais T&N na hIorua agus na hÍoslainne, tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), fite fuaite le córais an Aontais, mar aon leis na slabhraí luacha tionsclaíocha agus na líonraí acadúla. Go háirithe, cuireann an Iorua go mór le barr feabhais na gclár réime T&N.

Tá méadú nach beag tagtha ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe ó na Balcáin Thiar i gcláir réime T&N an Aontais agus shroich sí an leibhéal is airde sa chlár Fís Eorpach. Tá dlús á chur le hiarrachtaí T&N go háirithe trí Chlár Oibre Nuálaíochta na mBalcán Thiar[61], tríd an tacaíocht do bhonneagair thaighde atá dírithe ar an teicneolaíocht agus trí chomhtháthú breise an réigiúin sa Limistéar Eorpach Taighde.

I dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir[62], cuireadh faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme na gcúig thosaíocht T&N a shainítear i nDoiciméad Inmheánach Oibre 2021[63] chun feidhme le tacaíocht ón Aontas. Thug an tSaoráid Tacaíochta Beartais faoin gclár Fís Eorpach tacaíocht shaineolach d’údaráis na Moldóive[64] agus na hÚcráine[65] chun athchóirithe beartais T&N a cheapadh. D’ainneoin na staide deacra geopholaitiúla agus eacnamaíche sa réigiún, d’éirigh leis na cúig thír uile athchóirithe rialtais a chur chun feidhme, cur chun feidhme straitéisí náisiúnta eolaíochta a ghlacadh agus a sheoladh, agus a rannpháirtíocht sa chlár Fís Eorpach a mhéadú i gcomparáid le Fís 2020.

Dhírigh an Coimisiún ar bhearta tacaíochta tiomnaithe a chur ar bun don Úcráin[66] agus d’éascaigh sé rannpháirtíocht na hÚcráine in Fís Eorpach agus i nglaonna Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom. Mar shampla, tacaíonn scéim thiomnaithe comhaltachta, MSCA4Ukraine, le taighdeoirí easáitithe ón Úcráin agus cuireann sí ar a gcumas dóibh leanúint dá gcuid gníomhaíochtaí taighde san Aontas. I gcomhréir le *communiqué* 2024 Airí Eolaíochta agus

---

[61] https://westernbalkans-infohub.eu/wp-content/uploads/2024/10/a-western-balkans-agenda-on-innovation-research-education-KI0221615ENN-1.pdf

[62] An Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin.

[63] SWD(2021) 186 final.

[64] https://projects.research-and-innovation.ec.europa.eu/en/statistics/policy-support-facility/psf-country/support-moldova-reforms-public-rd-sector

[65] https://projects.research-and-innovation.ec.europa.eu/en/statistics/policy-support-facility/psf-country/support-ukraine-research-infrastructures-policies

[66] Tugann ERA4Ukraine (https://euraxess.ec.europa.eu/ukraine) forléargas ar ghníomhaíochtaí uile an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí náisiúnta uile, lena n-áirítear MSCA4Ukraine, tairiscintí poist ERC, agus scéim comhaltachta JRC-EUI (an Institiúid Ollscoile Eorpach).

Teicneolaíochta G7, bhunaigh an tAontas Comhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Eolaíocht agus Nuálaíocht Taighde san Úcráin, in éineacht leis an Úcráin, Uachtaránacht na hIodáile ar G7 agus UNESCO, chun acmhainneacht T&N i dtéarnamh agus in atógáil na hÚcráine a bhaint amach. Tá an sprioc chéanna, a chuirtear i bhfeidhm maidir le téarnamh atá dírithe ar an aeráid i dtimpeallachtaí uirbeacha, á saothrú ag tionscnamh nua SUN4Ukraine[67] de chuid an Mhisin Eorpaigh 'Cathracha Aeráidneodracha Cliste'.

D'fhorbair agus ghlac an tAontas don Réigiún Meánmhuirí agus an tAontas Eorpach treochláir T&N maidir leis an tsláinte, an t-athrú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite ar leibhéal na n-airí in 2022, ina leagtar amach tosaíochtaí don chomhar agus don fhorbairt eacnamaíoch. Le Tionscnamh na Meánmhara, a seoladh i gclár oibre Fís Eorpach 2023-2024 agus ar leanadh de in 2025, rannchuidítear le cur chun feidhme na dtreochlár sin agus tá méadú thart ar 60 % tagtha ar an taighde comhoibríoch idir an tAontas agus an Mheánmhuir[68]. Cuireann an Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara[69] leis na hiarrachtaí sin freisin i réimsí na talmhaíochta agus an uisce, ós rud é gur cuireadh síneadh 3 bliana eile léi i mí Aibreáin 2024 (2025-2027). Mar thionscnamh suaitheanta nua an Aontais chun an comhar le comhpháirtithe an deiscirt a neartú, is deis é an Comhshocrú don Mheánmhuir a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2025[70] chun an comhar eolaíoch a athcheapadh trí mhoil chomhpháirteacha T&N na Meánmhara a bhunú, trí shoghluaisteacht taighdeoirí a chur chun cinn, trí thacú le Lárionad Taidhleoireachta Eolaíochta a chruthú, agus trí ghníomhaíochtaí an gheilleagair ghoirm a chur chun cinn. Tháinig sé sin i ndiaidh ghlacadh na Teachtaireachta Comhpháirtí maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith réigiún na Mara Duibhe i mí na Bealtaine 2025[71].

### 5.2. An comhar le tíortha tionsclaithe nach de chuid an Aontais iad agus le geilleagair éiritheacha a neartú

Go dtí mí Eanáir 2025, d'fhorbair caidreamh T&N leis na Stáit Aontaithe go dearfach le comhar méadaitheach i réimsí éagsúla, athnuachan rathúil an Chomhaontaithe Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, síniú Ráitis Chomhpháirtigh lena leagtar amach clár oibre cuimsitheach comhair T&N, agus rannpháirtíocht láidir eintitis na Stát Aontaithe sa chlár Fís Eorpach. Tá an t-athrú ar sheasamh beartais eolaíochta rialtas nua na Stát Aontaithe, ar seasamh é nach dtugann tosaíocht do chaiteachas taighde i bpríomhréimsí tosaíochta an Aontais amhail an aeráid, an comhshaol, fuinneamh glan, nó galair thógálacha, agus lena ndícheanglaítear ó roinnt tionscnaimh iltaobhacha T&N, ag cur idirphlé agus comhar trasatlantach T&N faoi bhrú. Chun leasanna an Aontais a chosaint, forbraíodh gníomhaíochtaí faoin gclár Fís Eorpach chun tacaíocht an Aontais d'ardáin comhair iltaobhaigh a neartú, go háirithe i réimsí fhaire na n-aigéan, na haeráide agus na ceannasachta sonraí. Maidir le tacair sonraí, áirítear ar na gníomhaíochtaí i) creataí ceannasachta sonraí a fhorbairt, ii) bainistiú riosca láidir a chur chun feidhme chun rochtain a

[67] https://www.sun4ukraine.eu/
[68] Clár oibre Fís Eorpach 2023-2024: 37 n-ábhar a bhfuil buiséad iomlán EUR 320 milliún ag gabháil leo.
[69] https://prima-med.org/
[70] JOIN(2025) 26 final.
[71] JOIN(2025) 135 final.

fháil ar shonraí criticiúla, agus iii) cistiú náisiúnta a ghiaráil chun tacú le rochtain ar sheirbhísí digiteacha atá dian ar chostais. Ós rud é go bhfuil na Stáit Aontaithe fós ina gcomhpháirtí nádúrtha T&N de chuid an Aontais, tá an tAontas ag déanamh a dhíchill bealaí cumarsáide le hidirghabhálaithe feidearálacha T&N sna Stáit Aontaithe a choinneáil ar oscailt, d'fhonn athmheasúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí comhroinnte agus comhar bríomhar a athsheoladh.

Maidir leis an tSín, tá easpa dul chun cinn fós sa phlé ar an treochlár comhpháirteach maidir le todhchaí an chomhair idir an tAontas agus an tSín san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht, go háirithe maidir le creatdálaí a bhaineann leis an nuálaíocht[72], cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta maidir leis na creatdálaí le haghaidh comhar taighde[73]. Dhírigh comhar T&N idir an tAontas agus an tSín ar dhá thionscnamh shuaitheanta taighde maidir le bia, talmhaíocht agus bithréitigh agus maidir leis an athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht, ina bhfuil comhleas ag baint leis an gcomhar[74]. Mar sin féin, i bhfianaise an mhéid thuas agus na n-ábhar imní nach beag maidir le húsáid maoine intleachtúla a ghintear faoin gclár Fís Eorpach, ní féidir le heintitis na Síne páirt a ghlacadh a thuilleadh in aon cheann de ghníomhaíochtaí nuálaíochta an chláir[75]. Neartaigh an Coimisiún iarrachtaí comhordúcháin leis na Ballstáit chun cineálacha cur chuige a ailíniú trí Líonra Eolais T&N an Aontais maidir leis an tSín agus d'infheistigh sé os cionn EUR 13 mhilliún chun eolas comhaimseartha na Síne a leathnú i réimsí amhail an pholaitíocht, an tsochaí, an eacnamaíocht agus an trádáil, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, agus an aeráid.

I bhfianaise a hacmhainneachta láidre san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht, chuir comhlachas Phoblacht na Cóiré le Fís Eorpach in 2025 neart deiseanna ar fáil le haghaidh comhar T&N níos leithne agus níos córasaí idir an tAontas agus an Chóiré i réimsí amhail teicneolaíochtaí digiteacha, nanaitheicneolaíochtaí nó loingseoireacht satailíte, chomh maith le taighde ar fhuinneamh glan, ar an aeráid, ar na haigéin agus ar an gcomhshaol, agus sláinte. Táthar ag súil leis an méid céanna maidir leis an tSeapáin tar éis thabhairt i gcrích rathúil na caibidlíochta maidir lena rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus maidir lena comhlachas le Fís Eorpach, chomh maith le comhar leanúnach maidir le hardábhair. Mar thoradh ar chomhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach, tháinig méadú faoi thrí beagnach ar an líon deontas sínithe ó 2022 go 2024.

An 3 Iúil 2024, síníodh an comhaontú lena ndéantar Ceanada a chomhlachú le Colún II d'Fhís Eorpach, rud a thugann deis do thaighdeoirí agus d'eagraíochtaí Cheanada páirt a ghlacadh sa chuid seo den chlár ar théarmaí comhionanna lena gcontrapháirtithe san Aontas. Tá níos mó ná 100 rannpháirtí as Ceanada i dtionscadail Fís Eorpach mar thoradh air sin cheana féin. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú mór ar an bhfigiúr sin, ós rud é go bhfuil

[72] Áirítear orthu sin cearta maoine intleachtúla, taighde réamhnormatach, measúnú agus caighdeánú comhréireachta, rochtain ar sholáthairtí rialtais, creataí rialála atá cóir agus trédhearcach.

[73] Áirítear orthu sin eolaíocht oscailte, eitic agus ionracas taighde, soghluaisteacht taighdeoirí, agus comhionannas inscne in T&N.

[74] Áiríodh i gclár oibre Fís Eorpach 2023-2024 seacht ngníomhaíocht ag a raibh buiséad iomlán EUR 86 mhilliún arna chómhaoiniú ag an Aontas agus ag an tSín.

[75] Is gníomhaíochtaí iad gníomhaíochtaí nuálaíochta a bhfuil ardleibhéal forbartha teicneolaíche ag baint leo agus atá níos giorra don mhargadh.

meastóireacht á déanamh ar go leor tograí tionscadail le rannpháirtíocht Cheanada nó go bhfuil siad i gcéim ullmhúcháin an chomhaontaithe deontais.

Tá an comhar leis an India ag bailiú nirt ó sheoladh na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India[76] a dhírigh ar theicneolaíochtaí digiteacha, glasa agus fuinnimh ghlain. Ag an dara cruinniú aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta i nDeilí Nua i mí Feabhra 2025, thángthas ar chomhaontú maidir le tuilleadh comhair teicneolaíochta le hinfheistíocht chomhpháirteach airgeadais i dtaighde comhoibríoch ar thruailliú muirí, ar chlaochlú dramhaíola ina hidrigin in-athnuaite agus ar theicneolaíochtaí athchúrsála ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha. Cuirfear béim níos mó freisin ar é a chur ar a gcumas do ghnólachtaí nuathionscanta na hIndia agus an Aontais oibriú i gcomhar le chéile. Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Clár Oibre Straitéiseach Nua idir an tAontas agus an India, sainaithnítear an teicneolaíocht agus an nuálaíocht mar cholún lárnach den chomhar a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an India[77]. Rinneadh an Comhaontú Déthaobhach um Chomhar Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus an India a athnuachan go dtí 2030.

Tá an caidreamh leis an mBrasaíl an-láidir i réimse na dteicneolaíochtaí aistrithe ghlais amhail bithscaglanna comhtháite agus teicneolaíochtaí grianfhuinnimh, agus sa bhithéagsúlacht, sa taighde muirí, i gcineálacha cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais/ar an dúlra i leith cathracha inbhuanaithe, na hinbhuanaitheachta agus na sláinte. Rannchuidigh an Coimisiún leis an gclár oibre d'Uachtaránacht G20 na Brasaíle, ag cuidiú lena áirithiú go nglacfar Straitéis G20 chun Comhar Nuálaíochta Oscailte a chur chun cinn, Moltaí G20 maidir le hÉagsúlacht, Cothromas, Cuimsiú agus Inrochtaineacht san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht agus sa Nuálaíocht, agus na 10 bPrionsabal Cheannasacha den Tionscnamh Domhanda maidir leis an mBithgheilleagar.

Léirítear an caidreamh neartaithe idir an tAontas agus an Afraic Theas i dtoradh Chruinniú Mullaigh 2025 agus i seoladh na chéad Chomhpháirtíochta um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan chomh maith le rannpháirtíocht shármhaith na hAfraice Theas sa chlár Fís Eorpach, arb í an chéad rannpháirtíocht i measc thíortha na hAfraice í ó thaobh an mhéid deontas agus an lín tionscadal de. Tá ról ceannasach ag an Afraic Theas i gcur chun feidhme Chlár Oibre um an Nuálaíocht idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach trí chómhaoiniú a dhéanamh ar roinnt tionscnamh comhair T&N amhail Comhpháirtíocht Chomhpháirteach Fhadtéarmach Taighde agus Nuálaíochta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe. D'oibrigh an tAontas go dlúth le hUachtaránacht na hAfraice Theas ar G20 in 2025, ag tacú le glacadh Mholtaí G20 maidir le Rannpháirtíocht Eolaíochta.

### 5.3. Comhpháirtíochtaí an Aontais leis an Afraic, le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib, agus leis an Áise Thoir Theas a neartú

Chomhlíon an Coimisiún a ghealltanas maidir le borradh a chur faoi thacaíocht a thabhairt don comhar T&N leis an Afraic, tríd an gClár Oibre um Nuálaíocht idir an tAontas Afracach

[76] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_23_596
[77] JOIN(2025) 50 final.

agus an tAontas Eorpach a fhorbairt agus a ghlacadh i gcomhar le Coimisiún an Aontais Afracaigh agus leis na Ballstáit in 2023. Bunaítear leis an gClár Oibre um Nuálaíocht idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach creat nua maidir le glacadh torthaí taighde atá dírithe ar an tsláinte phoiblí agus ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach chun tacú le poist agus leis an bhfás trí theicneolaíocht agus saineolas a chomhroinnt[78]. Tá tionscnaimh na hAfraice sa chlár Fís Eorpach tar éis borradh 40 % ar an meán bliantúil a chur faoin gcomhar idir taighdeoirí ón dá réigiún[79]. Leis an gComhpháirtíocht Taighde agus Nuálaíochta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir le Slándáil Bia agus Cothaithe agus Talmhaíocht Inbhuanaithe, tugtar le chéile os cionn 70 cisteoir taighde ón Afraic agus ón Eoraip. Faoi phacáiste infheistíochta Global Gateway idir an Afraic agus an Eoraip, tá infheistíocht EUR 100 milliún mar thaca leis an 'gClár Comhpháirtíochta Spáis idir an Afraic agus an tAontas Eorpach', lena ndírítear ar sheirbhísí spásbhunaithe a fhorbairt lena gcuirtear chun cinn go háirithe glacadh Copernicus chun feabhas a chur ar chórais luathrabhaidh le haghaidh aimsir ghuaiseach agus eolas ar an athrú aeráide, lena neartaítear an comhar institiúideach idir an tAontas agus an Afraic, agus lena dtacaítear le cumais thionscal an spáis. Is clár EUR 80 milliún é 'na hIonaid Barr Feabhais Réigiúnacha don Chlár um Aistriú Glas' atá dírithe ar thacú le giniúint agus bainistiú eolais trí shonraí a tháirgeadh, a rochtain agus a chomhroinnt ar bhealach níos fearr. Ag tógáil ar an gcéim phíolótach den chlár Tionscnamh Taighde Afracach ar mhaithe le Sármhaitheas Eolaíochta arna chur chun feidhme ag Acadamh Eolaíochtaí na hAfraice, fógraíodh tacaíocht chomhchosúil EUR 25 mhilliún don dara céim, rud a spreag gealltanais bhreise ó Bhallstáit an Aontais Afracaigh. Eagraíodh sraith imeachtaí i mí Dheireadh Fómhair 2025 chun comóradh 15 bliana a dhéanamh ar an Idirphlé Ardleibhéil Beartais idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir leis an Eolaíocht, an Teicneolaíocht agus an Nuálaíocht, lena n-áirítear ceardlann maidir le IS san eolaíocht sa chomhar idir an Afraic agus an Eoraip, an tIdirphlé idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir leis an Taidhleoireacht Eolaíochta, aonach nuálaíochta arna eagrú i gcomhpháirtíocht leis an Aontas don Réigiún Meánmhuirí, agus Cruinniú na nOifigeach Sinsearach Taighde agus Nuálaíochta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach.

Tá dlús nua curtha leis an gcomhar le Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh leis an gcéad chruinniú aireachta idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le T&N a tionóladh sa Bhruiséil i mí Mheán Fómhair 2025. Ag an gcruinniú sin, d'fhormhuinigh airí an Aontais agus airí Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh dearbhú aireachta agus Clár Oibre Nua don Chomhar idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh in T&N, lena mbunaítear trí mheitheal sna réimsí seo a leanas i) sláinte, ii) athrú aeráide, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus aistriú fuinnimh, agus iii) IS san eolaíocht, lena gcomhlánaítear an Mheitheal um Bonneagar Taighde atá ann cheana. Forbróidh gach grúpa treochláir oibríochtúla lena saineofar tosaíochtaí, gníomhaíochtaí agus spriocanna

[78] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/system/files/2023-07/ec_rtd_au-eu-innovation-agenda-final-version.pdf
[79] Clár oibre Fís Eorpach 2023-2024: 30 ábhar a bhfuil buiséad iomlán EUR 300 milliún ag gabháil leo.

insoláthartha don chomhar déréigiúnach sa réimse tosaíochta atá i gceist. Seoladh an Tionscnamh Comhair um Nuálaíocht idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun líonra de ghorlanna agus luasairí gnólachtaí nuathionscanta atá ann cheana a chruthú agus a oibríochtú, agus chun láithreacht nuálaíochta Bhallstáit an Aontais i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a struchtúrú. Seoladh gníomhaíocht de chuid Chlár Oibre Infheistíochta Global Gateway maidir le feamainn shargasach i réigiún Mhuir Chairib, rud a thug gné T&N do chomhar um fhorbairt an Aontais.

Tá dlúthnasc idir iomaíochas agus slándáil an Aontais agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), rud a chuireann de cheangal ar an Aontas a chomhar T&N leis an réigiún a neartú. Díríonn an comhar ar theicneolaíochtaí glasa, ar chlaochlú digiteach, ar nuálaíochtaí cúraim sláinte, agus ar thaithí ar chomhtháthú réigiúnach a chomhroinnt (bonneagair thaighde, soghluaisteacht tallainne, aistriú teicneolaíochta). Le hIdirphlé ASEAN-AE maidir leis an Eolaíocht, an Teicneolaíocht agus an Nuálaíocht, sainaithníodh réimsí breise comhair: nuálaíocht/gnólachtaí nuathionscanta, taidhleoireacht eolaíochta agus comhionannas inscne in T&N.

## 6. CONCLÚIDÍ

Ó glacadh an Cur Chuige Domhanda maidir le T&N in 2021, tá forbairtí seachtracha móra gan choinne ann, amhail cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an choinbhleacht atá ag dul in olcas sa Mheánoirthear, athruithe bunúsacha ar bheartais na Stát Aontaithe maidir leis an eolaíocht, an t-athrú aeráide, an comhshaol nó an tsláinte, agus athruithe seismeacha i gcur i bhfeidhm teicneolaíochtaí ceannródaíocha amhail IS. Bíonn tionchar mór ag na forbairtí sin ar thírdhreach domhanda T&N agus ní mór don Aontas a bheith i bhfad níos teanntásaí maidir lena leasanna polaitiúla agus eacnamaíocha a chosaint agus a luachanna a chur chun cinn ar fud an domhain. Is cuid lárnach d’uaillmhian an Aontais an tallann eolaíoch is fearr a mhealladh é a bheith ina eiseamláir don tsaoirse acadúil agus do shaoirse an taighde eolaíoch agus an chomhionannais inscne, le tacaíocht ón tionscnamh ‘Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht’.

D’fhreagair an tAontas do na dúshláin sin, mar shampla tríd an moladh ón gComhairle a ghlacadh maidir le slándáil taighde a fheabhsú, creat Eorpach a fhorbairt le haghaidh taidhleoireacht eolaíochta, an tIdirphlé Iltaobhach maidir le Prionsabail agus Luachanna sa Chomhar Idirnáisiúnta T&N a bhunú, agus príomh-chomhpháirtithe domhanda a chomhlachú leis an gclár Fís Eorpach, agus cothrom iomaíochta agus cómhalartacht a chruthú an tráth céanna, go háirithe leis an tSín. Agus iad tiomanta i gcónaí don Chomhaontú Glas don Eoraip, tá tosaíochtaí an Aontais aistrithe i dtreo an aistrithe ghlain agus iomaíochas an Aontais a neartú, agus béim á leagan freisin ar an gcosaint agus ar an dé-úsáid.

Chun T&N a chur i gcroílár iomaíochas an Aontais, ní mór é a chur i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais freisin. Ní mór don Aontas ceannaireacht eiseamláireach a léiriú maidir le T&N a úsáid chun an tsíocháin agus an t-iltaobhachas a shaothrú agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, lena n-áirítear

tríd an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac. Sa chomhthéacs nua sin, tá prionsabail na hoscailteachta agus na slándála a leagtar amach sa Chur Chuige Domhanda i leith T&N fós bailí. I réimsí áirithe, tá gá le tuilleadh forbairtí agus coigeartuithe. Áirítear orthu sin réimsí a bhaineann le cothrom iomaíochta agus cómhalartacht a chruthú sa chomhar idirnáisiúnta T&N, agus tosaíochtaí téamacha amhail iomaíochas agus béim níos láidre ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú á gcur san áireamh chomh maith le tosaíochtaí geografacha a aistriú. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go gcosnóidh an tAontas a leasanna agus go bhfanfaidh sé ar thús cadhnaíochta in T&N, agus go mbeidh sé, an tráth céanna, ina chomhpháirtí iontaofa ar féidir leis an gcuid eile den domhan brath air.